

## TOIBREACHA BEANNUIGHTE

TÁ TRÍ TOIBREACHA BEANNUIGHTE SA PHARÓISTE seo. TÁ CEANN acu suite i nDubhros i lár páirce, agus an dá cheann eile i nDubhachta fÁ bhun cnuic - Tobar Mhuire agus Tobar Pheichín an t-ainm atá ar an dhá cheann i nDubhachta. "Tobar na Súil" an t-ainm atá ar an cheann i nDubhros. Tugtar "Tobar Mhuire" ar freisin. Tugtar "Tobar na Súil" air mar tobar é chun súile tinn do leighis. Tugann na daoine cuairt ortha ón 15<sup>th</sup> Lughnasa go dtí 8<sup>th</sup> Meathon Phoghmair. Tugann na daoine turas as na toibreacha.

Seo í an caoi a déantar iad as na toibreacha i nDubhachta. Deirtear an 'Páirce, n-Abhé agus Glóire' seacht n-uaire ar dtús téigheann siad timcheall na tobair annsin ceithre h-uaire dhéas. Deireann siad 'An Páirce, n-Abhé agus Glóire' arís trí h-uaire. Beanuigheann siad iad féin leis an uisce annsin, agus tá an turas críochnuichte. Sé an caoi céanna a déantar an turas i nDubhros acht ní theigheann siad timcheall an tobair acht seacht n-uaire. Níl don uisce sa tobar anois (1938), acht tógar cré as an tobar agus cuimligtear de na súile tinn é.

Níl don sgéal as na daoine acht i dtuobh tobar amháin acu. Sé an caoi a dtáinig 'Tobar Mhuire' i nDubhachta ann ar dtús ná, bhí fear tinn istigh i gComamara uair agus bhí sé dall. Dubhairt an Mhaighdean Mhuire leis bheith as súibhal go

mbeadh sé tuirseach. Thóg an fear an comhairle agus  
oimchigh sé leis. Thug sé a mhac leis mar bhí se sin dall.  
Bhíodar ag siubhal go rabhadar tuirseach, agus bhíodar i  
nDubhachta fán am seo. B'éigin don fear suíh síos agus thuit  
a chothlath air. Nuair a thúsigh sé bhí tom luachra in aice  
leis. Rug sé ortha agus tharraing sé ó thalamh iad. Nuair a  
bhí sin déanta tháinig an uisce aníos as an talamh agus  
rinneadh tobair ann. Tuadh a amharch ar ais don bhfear  
dall annsin agus chuaigh sé abhaile. Deirtear gur thug  
naomh fheicín cuairt ar an tobair eile. Thug an Mhaighean  
Mhuire cuairt ar an tobair i nDubhros freisin.

Léighiseadh daoine go minic ag na tobair. 'Síad na rudaí is mó  
a loirgeann siad leighis ortha ag na toibhreacha i nDubhachta  
ná cosa agus lámha tinn. Ní ólann daoine uisce na tobair,  
acht cuimligheann siad uatha féin é. Ní bheireann siad an  
uisce abhaile leo. Ní fhágann siad rudaí in a nriadh ag na  
tobair, acht tugann sí bláthanna go dtí iad uaireanta.  
Fágann siad ar claothe nó ar zéas iad le h-ais na tobair.

Níl aon iasg ins na tobair. Ní innsítear sgeolta i dtuobh  
daoine do thug iarracht ar an tobair do toirmú, acht bhí a  
lán uisce sa tobair uair, agus nígh tuine éicint cos tinn ann.  
As sin amach ní raibh mórán uisce ann. 'Sé an tobair sin ná  
'Tobar Mhuire' i nDubhachta. Timcheall gach tobair acu tá  
trí craim sgeiche.

Is é seo ceann de na scéaltaí a d'fhís Máire ní Súilleabháin  
as Cluain an-bhrúnaigh, Corr na Móna agus í in aois 47 mbliana  
d'á h-iníon Sorcha a bhí thart ar trí bhliain déag as an am  
(1938).